### Ról phríomhoide na scoile agus údarás bainistíochta na scoile

Tá ról ríthábhachtach ag príomhoidí scoile ó thaobh cur chuige scoile uile a chur chun cinn i ndáil le socrúcháin scoile. Ba chóir dóibh é sin a dhéanamh i gcomhréir le beartas a bheidh ceaptha ag údarás bainistíochta na scoile (Bord Bainistíochta nó Bord Oideachais agus Oiliúna, de réir mar is cuí) agus a chuirfear in iúl do phobal na scoile uile (baill foirne, tuismitheoirí agus mic léinn). Is féidir beartas teimpléid a íoslódáil ó www.teachingcouncil.ie, ach féadfaidh gach scoil a beartas féin a chumadh a oirfidh d'imthosca ar leith na scoile.

Ní mór d'údarás bainistíochta na scoile agus don phríomhoide cumas na scoile éascaíocht a dhéanamh ar shocrúcháin do mhic léinn a shonrú i gcomhairle leis na baill foirne chuí. Is é nó í an príomhoide a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint a shannadh do mhúinteoirí comhoibríocha, agus a chabhraíonn le múinteoirí comhoibríocha leas a bhaint as am roghnach nuair a bhíonn múinteoirí faoi oiliúint ag múineadh ar bhonn neamhspleách.

Nuair is féidir, ba chóir go mbeadh an príomhoide ar fáil chun tacaíocht agus comhairle ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint, agus ba cheart dó nó di seisiún tionscnaimh a eagrú don mhúinteoir faoi oiliúint ag tús an tsocrúcháin. Má tá cleachtadh nó iompar gairmiúil múinteora faoi oiliúint ina ábhar imní tromchúiseach ní mór don phríomhoide é sin a chur in iúl don choláiste/don ollscoil go tráthúil.

### Ról an mhúinteora chomhoibríoch

Ba chóir do mhúinteoirí comhoibríocha cabhrú leis an múinteoir faoi oiliúint dul i dtaithí ar: na daltaí/mic léinn, a riachtanais agus leibhéil a ngnóthachtála; an seomra ranga; an plean oibre don rang sin; rialacha agus nósanna imeachta an ranga; agus róil na mball foirne eile a bhfuil baint dhíreach acu leis na daltaí/mic léinn sa rang. Déanann siad réimsí den churaclam a shannadh don mhúinteoir faoi oiliúint lena dteagasc, ach is ar na múinteoirí comhoibríocha a bheidh an fhreagracht phríomhúil as dul chun cinn na ndaltaí/na mac léinn i gcónaí. Is gné ríthábhachtach eile dá ról ná go dtugann siad deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh orthu (agus ar a gcomhghleacaithe) agus iad i mbun teagaisc. Déanann siad breathnóireacht ar chleachtadh an mhúinteora faoi oiliúint chomh maith agus tugann siad aiseolas don mhúinteoir faoi oiliúint ar shlí atá spreagthach agus íogair.

Ba chóir do mhúinteoirí comhoibríocha an múinteoir faoi oiliúint a spreagadh chun comhairle agus tacaíocht a iarraidh nuair is gá, agus ba chóir dóibh tacú agus cabhrú leis an múinteoir faoi oiliúint agus é nó í: ag pleanáil; ag déanamh machnamh criticiúil ar a chleachtadh nó a cleachtadh; ag úsáid raon modheolaíochtaí teagaisc éagsúla; agus ag éisteacht le haiseolas ó dhaltaí/mhic léinn agus freagairt dó ar bhealach cuí.

De réir mar a fhorbraíonn múinteoir faoi oiliúint a chuid nó a cuid inniúlachtaí, ba cheart don mhúinteoir comhoibríoch ceadú dó nó di dul i mbun teagaisc ar bhealach níos neamhspleáiche, agus féadfaidh an múinteoir comhoibríoch leas a bhaint as am roghnach le linn don mhúinteoir faoi oiliúint a bheith ag gabháil don obair sin. Dá bhrí sin, bíonn sé níos éasca dó nó di caidreamh a dhéanamh leis an múinteoir faoi oiliúint ag tráthanna eile.

Ba chóir do mhúinteoirí comhoibríocha oibriú i gcomhar leis an múinteoir faoi oiliúint agus leis an teagascóir socrúcháin ón gcoláiste/ollscoil, agus ba chóir dóibh an príomhoide a chur ar an eolas faoi aon ábhar imní tromchúiseach a bhaineann le cleachtadh nó iompar gairmiúil an mhúinteora faoi oiliúint.

**An English version of this leaflet is available on www.teachingcouncil.ie**

### Ról phobal na scoile uile

Agus tuiscint acu ar an tairbhe a bhaineann pobal na scoile as socrúcháin scoile, ba chóir do gach ball den phobal scoile tacú le múinteoirí faoi oiliúint atá i mbun socrúchán agus rannchuidiú le forbairt agus feidhmiú bheartas na scoile i ndáil le socrúcháin scoile. Ba chóir beartas na scoile i ndáil le socrúcháin scoile a chur in iúl do thuismitheoirí ar shlí a chuirfidh ar chumas na dtuismitheoirí sin tacú leis na múinteoirí faoi oiliúint agus iad i mbun socrúchán.

### Ról an mhúinteora faoi oiliúint agus na dteagascóirí socrúchán

Bítear ag súil leis go mbainfidh múinteoirí faoi oiliúint leas as cur chuige réamhghníomhach i ndáil lena gcuid foghlama féin agus go nglacfaidh siad páirt chuiditheach i raon leathan d'eispéiris socrúchán. Beidh siad go hiomlán rannpháirteach i saol na scoile agus iarrfaidh siad agus bainfidh siad úsáid as deiseanna breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí agus oibriú leo. Bítear ag súil leis go mbeidh siad sásta tacaíocht a iarraidh agus tairbhe a bhaint aisti, agus go nglacfaidh siad le haiseolas cuiditheach ó theagascóirí socrúcháin, múinteoirí comhoibríocha agus príomhoidí.

Bítear ag súil leis go ndéanfaidh múinteoirí faoi oiliúint ceachtanna a ullmhú agus a theagasc i dtimpeallacht thacaithe atá i gcomhréir lena gcéim forbartha. Ba cheart go ndéanfaí an obair sin ag féachaint do riachtanais an choláiste/na hollscoile agus do bheartais na scoile is óstach (beartais a bhaineann le hobair bhaile, measúnacht agus beartais teagaisc agus foghlama iomchuí eile, ach go háirithe). Agus é sin á dhéanamh, ba chóir dóibh a bheith feasach i gcónaí ar an ngá tús áite a thabhairt do riachtanais na ndaltaí/na mac léinn agus ar an dualgas cúraim atá leagtha orthu.

Is féidir le pobal scoile a bheith ag dréim leis i gcónaí go ndéanfaidh múinteoir faoi oiliúint caidreamh leis ar mhodh atá measúil, cúirtéiseach, go mbeidh aird chuí aige nó aici ar na luachanna agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, agus ar chód iompair na scoile, ar bheartas cosanta leanaí na scoile agus ar aon bheartas eile is iomchuí

Déanann teagascóirí socrúcháin breathnóireacht ar an múinteoir faoi oiliúint agus é nó í ag múineadh, déanann siad measúnú ar a chleachtadh nó a cleachtadh d'fhonn é a ghrádú agus glacann siad páirt i gcomhrá leis nó léi d'fhonn aiseolas cuiditheach a thabhairt dó nó di. Déanann siad cinnte go dtugtar tacaíocht chuí don mhúinteoir faoi oiliúint agus comhoibríonn siad leis an múinteoir comhoibríoch/na múinteoirí comhoibríocha i ndáil le, inter alia, dea-chleachtas maidir le ranganna a phleanáil agus acmhainní teagaisc agus foghlama a úsáid. Cabhraíonn siad leis an múinteoir faoi oiliúint agus leis an múinteoir comhoibríoch páirt a ghlacadh i gcomhrá machnamhach agus déanann siad teagmháil leis an múinteoir comhoibríoch agus leis an bpríomhoide, de réir mar is cuí, faoi chleachtadh agus taithí an mhúinteora faoi oiliúint.

Ní mór don mhúinteoir faoi oiliúint agus don teagascóir socrúcháin a bheith ar an eolas faoi shainspiorad (éiteas) na scoile, beartais agus cleachtais na scoile, amchlár na scoile agus aon socruithe scoilbhunaithe ar leith, agus meas a léiriú ar an gcéanna.

### An caidreamh idir an coláiste/ollscoil agus an scoil

Ní foláir do choláistí/ollscoileanna socrúcháin scoile a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na scoileanna ina mbeidh na socrúcháin ar siúl chun go ndéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta a gcuid clár a chreidiúnú. Dá bhrí sin, bíonn gá le cumarsáid rialta idir an coláiste/ollscoil agus an scoil i ndáil leis an socrúchán scoile. Ba chóir dea-chleachtas a aithint, agus nuair a thagann deacrachtaí chun cinn ba chóir go ndéileálfaí leo ar bhealach tráthúil.

De réir mar a fhorbraítear an caidreamh idir coláistí/ollscoileanna agus na scoileanna ina mbíonn na socrúcháin ar siúl, féadfaidh deiseanna comhoibrithe eile, cosúil le coláistí/ollscoileanna a bheith ag soláthar cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí do scoileanna, teacht chun cinn, a chuirfidh ar a gcumas saineolas agus eolas gairmiúil a chomhroinnt agus aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann múinteoirí chun socrúcháin éifeachtúla a éascú. Ar an dóigh chéanna, féadfaidh scoileanna cabhrú le baill foirne ó choláistí/ollscoileanna ar bhreá leo a gcuid taithí teagaisc a nuashonrú.

# Socrúchán Scoile do Mhúinteoirí faoi Oiliúint

## Treoir Mhearthagartha le haghaidh Scoileanna

### Réamhrá

Is é is cuspóir don bhileog seo treoir a thabhairt do scoileanna ina ndéanfaidh múinteoirí faoi oiliúint socrúcháin scoile. Tá sé bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Socrúcháin Scoile de chuid na Comhairle Múinteoireachta, arna gcur ar fáil i gcomhpháirtíocht le hionadaithe múinteoirí agus príomhoidí, comhlachtaí bainistíochta scoile agus comhlachtaí tuismitheoirí, coláistí/ollscoileanna agus páirtithe leasmhara iomchuí eile. Má theastaíonn ó léitheoirí na bileoige féachaint ar na Treoirlínte féin, tá siad ar fáil ar na leathanaigh a bhaineann le hoideachas múinteoirí ar www.teachingcouncil.ie

Tá an treoir seo bunaithe ar dhea-chleachtas atá ann cheana féin. Tugtar aitheantas inti do dhea-thoil múinteoirí agus comhpháirtithe eile agus don tslí ina dtugann siad tacaíocht do mhúinteoirí faoi oiliúint ar bhealach deonach, flaithiúil trí am a chaitheamh leo agus trína gcuid saineolais a chomhroinnt leo. Déantar iarracht léi comhoibriú feabhsaithe idir coláistí/ollscoileanna agus scoileanna a chur chun cinn, gan ualach iomarcach a leagan ar aon cheann acu.

### Cad is socrúchán scoile ann?

Úsáidtear an téarma "socrúchán scoile" in ionad an téarma "cleachtadh múinteoireachta" anois, mar is léiriú níos cruinne é ar an raon gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc a bhíonn i gceist.

Is cuid ríthábhachtach d'oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) é socrúchán scoile atá deartha chun cur ar chumas an mhúinteora atá faoi oiliúint taithí a fháil ar theagasc agus ar fhoghlaim i bhfíor-thimpeallacht scoile, teoiricí oideachais a chur i bhfeidhm in imthosca teagaisc agus foghlama éagsúla agus i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, agus páirt a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach atá struchtúrtha agus tacaithe.

Folaíonn sé raon leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc agus ligeann sé don mhúinteoir faoi oiliúint taithí phearsanta a fháil ar cé chomh casta is atá an mhúinteoireacht agus ar na róil éagsúla a chomhlíonann múinteoirí. Cabhraíonn socrúchán scoile le múinteoirí faoi oiliúint feabhas a chur ar a gcumas féinmhachnamh a dhéanamh, trí mheán comhráite le múinteoirí ag a bhfuil taithí, ar a dtugtar múinteoirí comhoibríocha, agus leis na teagascóirí socrúcháin arna gceapadh ag an gcoláiste/ollscoil i measc eile. Ina theannta sin, tugann sé deiseanna luachmhara don mhúinteoir faoi oiliúint comhairle a iarraidh agus a fháil ar bhealach atá struchtúrtha, tacúil.


An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire.

Íosghlao 1890 224 224
Uimh. Ghutháin +353 1 651 790
Uimh. Facs +353 1 651 790
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

### An tairbhe a bhaineann scoileanna as socrúcháin scoile

Baineann gach duine a bhíonn páirteach i socrúchán scoile dea-bhainistithe tairbhe as. Cuirtear deiseanna ar fáil tuairimí agus modheolaíochtaí nua a chomhroinnt, cothaítear plé ar theagasc agus foghlaim, agus bíonn deiseanna ag múinteoirí páirt a ghlacadh agus cur lena gcuid foghlama ar feadh na gairmréime.

Is mór an tairbhe a bhaineann scoileanna as socrúcháin scoile. Is féidir scoileanna a fhorbairt mar phobail foghlama trí eolas agus scileanna a chomhroinnt agus trí chaidreamh a dhéanamh le múinteoirí faoi oiliúint agus le coláistí/ollscoileanna. Féadfaidh múinteoirí comhoibríocha, ach go háirithe, breathnóireacht a dhéanamh ar chuir chuige éagsúla teagaisc agus foghlama agus foghlaim fúthu, agus cuireann roinnt coláistí/ollscoileanna cláir shonracha d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar fáil do na múinteoirí sin mar aitheantas don ról a bhíonn acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint. Baineann daltaí/mic léinn tairbhe as raon d'eispéiris luachmhara mar gheall ar rannpháirtíocht struchtúrtha múinteoirí faoi oiliúint i scoileanna chomh maith.

### Fad, struchtúr agus tráthú socrúchán scoile

Ón scoilbhliain 2012/2013 ar aghaidh, beidh gach clár fochéime d'oideachas tosaigh múinteoirí ceithre bliana nó cúig bliana i bhfad, agus ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh beidh gach clár iarchéime dhá bhliain i bhfad. Go hiondúil, caithfidh múinteoir faoi oiliúint atá páirteach i gclár fochéime ceithre nó cúig bliana i bhfad 20 seachtain ar a laghad den chlár sin i scoileanna. Caithfidh mac léinn atá ag déanamh staidéar ar chlár iarchéime dhá bhliain i bhfad 18 seachtaine den chlár sin i scoileanna, de ghnáth. I ngach aon chás, ceanglaíonn an Chomhairle gur gá socrúchán amháin atá deich seachtaine i bhfad ar a laghad a dhéanamh le linn an dara leath den chlár. Taobh amuigh den cheanglas sin, is féidir le coláistí/ollscoileanna a bheith an-solúbtha ó thaobh fad, struchtúr agus tráthú na gné scoilbhunaithe a chinneadh agus iarradh orthu féachaint do riachtanais na múinteoirí faoi oiliúint agus do riachtanais na scoileanna le linn dóibh tráthú na socrúchán a phleanáil. Cuirfidh siad faisnéis mhionsonrach ar fáil do scoileanna chun pleanáil scoile a éascú agus chun cabhrú leis an múinteoir comhoibríoch.

### Suíomhanna socrúcháin cuí

D'fhonn a chinntiú go bhfaighidh múinteoirí faoi oiliúint taithí ar thimpeallachtaí agus ar shuíomhanna teagaisc éagsúla, tá sé inmhianaithe go mbeadh gach scoil aitheanta sásta glacadh le múinteoirí faoi oiliúint atá ar shocrúchán, cé go dtuigtear nach mbeadh sé sin indéanta nó cuí i gcónaí.

Tugadh le fios do choláistí/ollscoileanna gur chóir go bhfaighidh múinteoirí (bunscoile) faoi oiliúint taithí ar raon leibhéal ranga agus ar theagasc ilranga le linn na socrúchán a dhéanfaidh siad. Ag leibhéal iar-bhunscoile, ba cheart go bhfaighidh an múinteoir faoi oiliúint taithí ar an tsraith shóisearach agus shinsearach araon, ar rang cumais mheasctha agus, más cuí, ar ranganna i mblianta na scrúduithe. Agus é sin á phleanáil, ní foláir do choláistí/ollscoileanna féachaint do raon athróg éagsúil, e.g. tráthú an tsocrúcháin i bhféilire na scoile, agus an chéim ag a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint sa chlár OTM.

### Gníomhaíochtaí a bhaineann le socrúcháin scoile

Táthar ag súil leis go n-oibreoidh coláistí/ollscoileanna agus scoileanna le chéile chun a chinntiú go mbeidh deis ag múinteoirí faoi oiliúint idir 200 agus 250 uair an chloig de thaithí mhúinteoireachta dhíreach a fháil le linn an chláir fhadaithe. Níor chóir múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal iar-bhunscoile a chur leis an gclár ama chun ranganna a mhúineadh ar leithligh ó ranganna na múinteoirí comhoibríocha.

Ba chóir uaireanta neamhtheagaisc i scoileanna a struchtúrú ar shlí a chuirfidh ar chumas na múinteoirí faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh sa seomra ranga, oibriú i gcomhar le baill foirne ag a bhfuil taithí agus páirt a ghlacadh i saol laethúil na scoile. Nuair is féidir, ba chóir go mbeadh deis ag an múinteoir faoi oiliúint a bheith páirteach i meascán cuí de na gníomhaíochtaí atá leagtha amach thíos, ag féachaint don chéim ag a bhfuil sé nó sí sa chlár OTM.

#### *Gníomhaíochtaí a fhéadfaidh múinteoir faoi oiliúint páirt a ghlacadh iontu le linn socrúchán scoile*

Go hidéalach, bheadh deis ag múinteoir faoi oiliúint na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh le linn na gné scoilbhunaithe, i dteannta rang ainmnithe a mhúineadh:

- teagasc, foghlaim agus measúnú a phleanáil (ranganna sannta)
- foghlaim a mheasúnú agus measúnú don fhoghlaim (ranganna sannta)
- breathnóireacht struchtúrtha agus aiseolas
- cláir insealbhaithe scoilbhunaithe
- comhráite gairmiúla le múinteoirí ag a bhfuil taithí
- machnamh criticiúil ar chleachtadh, ar bhonn aonair agus i gcomhar le comhghleacaithe, agus
- rannpháirtíocht struchtúrtha, thacaithe i saol na scoile.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a leanas, nó cuid acu, a bheith san áireamh sa ghné scoilbhunaithe chomh maith:

- tacaíocht foghlama agus múinteoireacht acmhainne
- freastal ar chruinnithe foirne
- taighde scoilbhunaithe atá bainteach leis an socrúchán
- caidreamh tacaithe le gairmithe eile agus le tuismitheoirí, agus
- rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe agus/nó i bpleanáil forbartha scoile.

### Tacú leis an múinteoir faoi oiliúint

Is bunchloch den socrúchán scoile é tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil don mhúinteoir faoi oiliúint, agus déanfaidh coláistí/ollscoileanna cinnte go bhfaighidh an múinteoir faoi oiliúint tacaíocht agus go ndéanfaidh teagascóirí socrúcháin é nó í a mheasúnú d'fhonn grád a thabhairt dó nó di.

Iarrtar ar mhúinteoirí comhoibríocha agus ar phríomhoidí scoile tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint chomh maith ach níl aon ról acu maidir le grád a thabhairt dóibh.

Is féidir le pobal na scoile uile tacaíocht thábhachtach, neamhfhoirmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint, mar shampla, trí fháilte a chur rompu, trína chinntiú go mbíonn deis acu taithí a fháil ar ghnáthghníomhaíochtaí scoile, agus trí shaoráidí scoile a chur ar fáil dóibh chun a n-úsáide.

Ba chóir múinteoir comhoibríoch oiriúnach a shannadh do mhúinteoirí faoi oiliúint atá ag glacadh páirt i socrúchán. D'fhéadfadh roinnt múinteoirí comhoibríocha a bheith ag obair le múinteoir faoi oiliúint ag leibhéal iar-bhunscoile. De réir mar a ghlacfaidh an múinteoir faoi oiliúint páirt sna socrúcháin scoile uile atá mar chuid de chlár OTM, beartaítear go mbeidh sé nó sí in ann bogadh ó chéim ag a mbeidh an-chuid tacaíochta á cur ar fáil dó nó di sa seomra ranga go céim ag a mbeidh sé nó sí in ann múineadh ar bhonn níos neamhspleáiche. Fad a bheidh múinteoirí faoi oiliúint ag múineadh ar bhonn neamhspleách, beidh am roghnach ag na múinteoirí comhoibríocha. Dá bhrí sin, beidh sé níos éasca dóibh caidreamh a dhéanamh le múinteoirí faoi oiliúint ag tráthanna eile.

Áirítear ar an tacaíocht struchtúrtha: comhairle agus treoir a sholáthar; tuairimí agus cineálacha cur chuige a chomhroinnt; comhphleanáil; teagasc foirne; deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile i mbun teagaisc; agus deiseanna breathnóireacht a dhéanamh ar theagasc an mhúinteora faoi oiliúint.

### Breathnóireacht agus aiseolas

Tugtar le fios sa taighde gurb iad breathnóireacht agus aiseolas an dá ghné is luachmhaire den tacaíocht struchtúrtha. Tabharfaidh coláistí/ollscoileanna treoracha maidir le breathnóireacht agus soláthar aiseolais, agus tacóidh siad le teagascóirí socrúcháin agus le múinteoirí comhoibríocha chun a chinntiú go ndéanfar iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach. Ba chóir don teagascóir socrúcháin agus don mhúinteoir comhoibríoch teagmháil a dhéanamh le chéile, de réir mar is cuí, i ndáil le haon mholtaí a dhéantar nó aon chomhairle a chuirtear ar mhúinteoirí faoi oiliúint.

Ba chóir go mbeadh an t-aiseolas:

- bunaithe ar chleachtadh a ndearnadh breathnóireacht air
- oiriúnach do riachtanais agus d'ionchais an tsocrúcháin
- curtha ar fáil ar shlí thráthúil
- soiléir, cothrom agus ionraic
- curtha in iúl ar bhealach atá oiriúnach chun plé a dhéanamh ar theagasc agus foghlaim, agus
- curtha ar fáil ar bhealach spreagthach, íogair.

Ba chóir go gcabhródh an breathnóir leis an múinteoir faoi oiliúint machnamh criticiúil a dhéanamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh chun láidreachtaí, réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe, agus straitéisí féideartha chun feabhas a chur ar chleachtadh a aithint.

### Tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí acu

Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtacófar le múinteoirí faoi oiliúint a bhfuil deacrachtaí acu maidir le cleachtadh seomra ranga. Ba chóir an tacaíocht sin a chur ar fáil a luaithe agus is féidir le linn an tsocrúcháin chun cur ar a chumas nó ar a cumas riachtanais an tsocrúcháin sin a chomhlíonadh. Cé go bhfuil an fhreagracht phríomhúil as tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint den sórt sin ar an gcoláiste/ollscoil, ní mór cur chuige comhoibríoch a úsáid ar mhaithe le leas na ndaltaí/na mac léinn.

I gcás go n-aithnítear ábhar imní tromchúiseach i ndáil le cleachtadh nó iompar gairmiúil múinteora faoi oiliúint, ba chóir don phríomhoide an choláiste/ollscoil a chur ar an eolas d'fhonn cur ar a gcumas idirghabhálacha agus tacaí cuí a chur ar fáil go luath.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council